Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Public Notice

AN CHÁIN AR THALAMH CRIOSAITHE CÓNAITH

Fógra na Dréacht-Léarscáile Bliantúla a réitíodh faoi Alt 653C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 faoi mar a bhaineann sí le Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tugtar fógra leis seo gur foilsíodh dréachtléarscáil bhliantúil, a réitíodh faoi Alt 653C, arna mhodhnú le hAlt 653M den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus go bhfuil sí ar fáil lena hiniúchadh ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Réitíodh an dréachtléarscáil bhliantúil chun críche talamh a chomhlíonann na critéir ábhartha agus atá le bheith faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe a aithint.

Ní bheidh réadmhaoine cónaithe, d'ainneoin go bhféadfaí iad a chur san áireamh ar an dréachtléarscáil, inmhuirearaithe i leith na cánach talún criosaithe cónaithe.

Tagraíonn talamh a shásaíonn na critéir ábhartha do thalamh—

(a) atá san áireamh i bplean forbartha, de réir alt 10(2)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), nó i bplean limistéir áitiúil, de réir alt 19(2)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a criosaíodh—

(i) d'úsáid chónaithe amháin nó go príomha, nó

(ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

(b) a bhfuil sé réasúnta a mheas go mbeadh rochtain aige ar, nó go mbeadh sé nasctha le, bonneagar agus saoráidí poiblí, lena n-áirítear bóithre agus cosáin, soilsiú poiblí, draenáil séarach bréan, draenáil uisce dhromchla agus soláthar uisce, a theastaíonn le háitribh a fhorbairt agus go mbeadh acmhainn seirbhíse dóthanach ar fáil d'fhorbairt den chineál seo, agus

(c) a bhfuil sé réasúnta a mheas nach mbeadh aon chur isteach chomh mór sin i gceist, ó thaobh a reachta fhisiciúil de, go gcuirfí bac ar sholáthar áitreabh, lena n-áirítear éilliú nó iarsmaí aitheanta seandálaíochta nó stairiúla a bheith ar an láthair,

ach nach talamh é—

(i) dá dtagraítear i mír (a)(i) agus, ag féachaint ar an bhforbairt amháin (de réir bhrí Acht 2000) nach forbairt neamhúdaraithe í (de réir bhrí Acht 2000), atá in úsáid mar áitreabh ina gcuirtear ceird nó gairm i gcrích, atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála, a bhfuil sé réasúnta a mheas go bhfuil sí in úsáid le seirbhísí a chur ar fáil d'áitritheoirí na limistéar cónaithe atá lena ais,

(ii) dá dtagraítear i mír (a)(ii), ach amháin má tá sé réasúnta a mheas go bhfuil an talamh folamh nó díomhaoin,

(iia) nach gcloífeadh a forbairt—

(I) i gcás go ndéantar an talamh a chriosú i bplean forbartha, leis an mbonn céimnithe a bhfuil forbairt na talún le tarlú dá réir faoin bplean, faoi mar a shonraítear sa chroístraitéis a leagtar amach sa phlean de réir alt 10(2A)(d) d'Acht 2000, nó

(II) i gcás go ndéantar an talamh a chriosú i bplean limistéir áitiúil, leis an gcuspóir, i gcomhréir le cuspóirí agus croístraitéis an phlean forbartha don limistéar ar forbraíodh an plean limistéir áitiúil ina leith, arb ionann é agus forbairt talún ar bhonn céimnithe, a leagtar amach sa phlean limistéir áitiúil de réir alt 19(2) d'Acht 2000,

ar an dáta a bhfuil comhlíonadh na gcritéar san alt seo á mheas,

(iii) a bhfuil sé réasúnta a mheas go bhfuil sé de dhíth, nó ina chuid bhunúsach de, lonnaíocht—

(I) bonneagar agus saoráidí sóisialta, pobail nó rialtais, lena n-áirítear bonneagar agus saoráidí a úsáidtear ar mhaithe le riarachán poiblí nó soláthar oideachais nó cúraim sláinte,

(II) saoráidí agus bonneagar iompair,

(III) bonneagar agus saoráidí fuinnimh,

(IV) bonneagar agus saoráidí teileachumarsáide,

(V) bonneagar agus saoráidí uisce agus fuíolluisce,

(VI) bonneagar bainistíochta agus diúscartha dramhaíola, nó

(VII) bonneagar caitheamh aimsire, lena n-áirítear áiseanna spóirt agus clóis súgartha,

(iv) atá faoi réir sonraithe reachtúil a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt, nó

(v) ar a bhfuil an tobhach ar láithreáin thréigthe iníoctha i gcomhréir leis an Acht um Láithreáin Thréigthe 1990.

Tréimhse Léirithe

Tá an dréachtléarscáil bhliantúil ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal ón **1 Feabhra 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2024**.

Iniúchadh Poiblí

Tá an dréachtléarscáil bhliantúil ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal sna háiteanna seo a leanas:

- **ar líne ag** www.dublincity.ie/RZLTMap

agus ag:

Oifigí na Cathrach, an Deasc Pleanála Poiblí, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8
Luan go hAoine idir 9.00r.n. agus 4.30i.n.

Oifigí Ceantair, mar atá liostaithe thíos agus le linn a ngnáthuaireanta oscailte oifige:

- **Oifig an Lárcheantair, 51-53 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada Íochtarach, Baile Átha Cliath 1**
  Luan go Déardaoin idir 9.30 r.n. agus 4.00 i.n. agus ar an Aoine idir 9.30 r.n. agus 3.30 i.n.
- **Oifig Ceantair na Cabraí, 97 Bóthar Nua na Cabraí, Baile Átha Cliath 7**
  Luan go hAoine idir 10.00 r.n. agus 1.00 i.n.
- **Ionad Cathartha an Lárthuaiscirt, Bóthar Bhun Raite, an Chúlóg, Baile Átha Cliath 17.**
  Luan go hAoine idir 9.30r.n. agus 4.00i.n.
- **Ionad Cathartha Bhaile Munna, an Phríomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9**
  Luan go hAoine idir 9.30r.n. agus 1.00i.n. agus san iarnóin trí choinne amháin.
- **Ionad Cathartha Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11**
  Luan go hAoine idir 9.30r.n. agus 1.00i.n. agus san iarnóin trí choinne amháin.
- **Ionad Cathartha Bhaile Formaid, Bóthar Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10**
  Luan go hAoine idir 9.00r.n. agus 5.00 i.n.
- **Oifig Ceantair Chromghlinne, 13 Bóthar San Aignéas, Sráidbhaile Chromghlinne, Baile Átha Cliath 12**
  Luan go hAoine idir 9.30 r.n. agus 1.00 i.n. agus um thráthnóna idir 2.00 i.n. agus 4.00 i.n.
- **Teach Eblana, Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8**
  Luan go hAoine idir 9.30r.n. agus 4.00i.n.
  (seachas laethanta saoire bainc ar an 5 Feabhra, 18 Márta, 1 Aibreán and 6 Bealtaine)

Aighneachtaí

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil dhá spriocdháta ann d'aighneachtaí:

- **An 1 Aibreán 2024** d'aighneachtaí a bhaineann le suíomhanna faoi leith a chuimsiú nó a eisiamh ón léarscáil dheireanach, nó maidir leis an dáta ar ar shásaigh suíomh na critéir ábhartha an chéad lá agus,
- **31 Bealtaine 2024** d'aighneachtaí a bhaineann le hiarratais ar athchriosú.

Tá sonraí mínithe thíos.

Spriocdháta d'Aighneachtaí an 1 Aibreán 2024

Is féidir aighneachtaí maidir leis an dréachtléarscáil bhliantúil a chur isteach i scríbhinn chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tráth nach déanaí ná an **1 Aibreán 2024**, i dtaobh—

(I) suíomhanna faoi leith a chuimsiú nó a eisiamh ón léarscáil dheireanach, nó

(II) an dáta ar ar shásaigh suíomh na critéir ábhartha an chéad lá.

Ba cheart go mbeadh ainm agus seoladh, cúiseanna le tailte a chuimsiú nó a eisiamh, mar aon le léarscáil de scála 1:1000, sa chás gur úinéir talún a chuir an aighneacht isteach, ag aithint go soiléir an réimse talún atá faoi réir na haighneachta a bheith in aighneachtaí.

Foilseofar aon aighneachtaí scríofa den chineál sin a gheofar faoin 1 Aibreán 2024 seachas gnéithe d'aighneacht a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith mar chuid díobh, ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tráth nach déanaí ná an 11 Aibreán 2024.

Tá na nithe a mholtar a chuimsiú agus a eisiamh ón dréachtléarscáil bhliantúil faoi réir na n-aighneachtaí a fhaightear. Ba cheart d'úinéir talún ar bith a thacaíonn le heisiamh a thalún aighneacht a dhéanamh ag tacú le heisiamh den chineál seo.

Spriocdháta d'Aighneachtaí an 31 Bealtaine 2024

Sa chás go sainaithnítear ar an dréachtléarscáil bhliantúil go bhfuil talamh faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe agus sa chás go bhfuil an talamh a shainaithnítear ar an dréachtléarscáil bhliantúil san áireamh i bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil, de réir alt 10(2)(a) nó 19(2)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a criosaíodh—

(i) d'úsáid chónaithe amháin nó go príomha, nó

(ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

is féidir le duine aighneacht a chur isteach chuig an údarás áitiúil, i leith talún thuasluaite ar leis í, ar an **31 Bealtaine 2024**, nó roimhe sin, ag lorg athrú ar chriosú na talún sin. Ní mór fianaise úinéireachta, cúiseanna mionsonraithe le haon iarratas ar athchriosú, mar aon le léarscáil go scála 1:1,000 ina sainaithnítear go soiléir an plota talún ábhartha, a bheith ag gabháil le haighneacht ar bith den chineál seo.

Foilseofar aon iarratas ar athchriosú scríofa den chineál sin a gheofar faoin 31 Bealtaine 2024 seachas gnéithe d'aighneacht a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith mar chuid díobh, ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil atá i gceist tráth nach déanaí ná an 10 Meitheamh 2024.

Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach iarratas ar chriosú a mheas, ag féachaint do phleanáil ceart agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.

Spriocdháta d'Aighneachtaí an 1 Aibreán 2024 – aighneachtaí le cur isteach idir an 1 Feabhra 2024 agus suas go dtí meán oíche an 1 Aibreán 2024, ach gan meán oíche ar an 1 Aibreán a bheith san áireamh.

Spriocdháta d'Aighneachtaí an 31 Bealtaine 2024 -ní féidir aighneachtaí maidir le hiarratais ar athchriosú a chur isteach ach idir: an 1 Feabhra 2024 agus suas go dtí meán oíche an 31 Bealtaine 2024, ach gan meán oíche ar an 31 Bealtaine a bheith san áireamh.

Is féidir aighneachtaí a chur isteach de réir na spriocdhátaí d'aighneachtaí thuas trí na roghanna seo a leanas:

- Is féidir aighneacht i scríbhinn a dhéanamh go leictreonach tríd an suíomh gréasáin ag www.dublincity.ie/RZLTMap

Nó

- I scríbhinn chuig **"Léarscáil RZLT", an tAonad um Bainistíocht Talaimh Ghníomhach, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár 3, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.**

Déan d'aighneacht trí mheán amháin i.e. cóip chrua nó trí thairseach an tsuímh ghréasáin.

Bainisteoir Gníomhach Feidhmiúcháin,
Máire Igoe.

dublincity.ie